C/2024/6800

8.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11703 – NOVO HOLDINGS / KKR / SYLVAN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6800)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Novo Holdings A/S ('Novo Holdings', an Danmhairg) atá faoi rialú Novo Nordisk Foundation (an Danmhairg),

— KKR & Co. Inc. ('KKR', na Stáit Aontaithe),

— Sylvan International Biotechnology Co Ltd ('Sylvan', an tSín), atá faoi rialú aonair KKR faoi láthair.

Gheobhaidh Novo Holdings agus KKR rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Sylvan.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta shealbhaíochta agus infheistíochta é Novo Holdings atá freagrach as sócmhainní Novo Nordisk Foundation a bhainistiú, trí infheistíochtaí straitéiseacha sna heolaíochtaí beatha, i sláinte an phláinéid agus i réimsí gaolmhara agus trí infheistíochtaí caipitil airgeadais agus fiontair i bpunann leathan cuideachtaí.

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é KKR a sholáthraíonn réitigh i ndáil le bainistiú sócmhainní malartacha, margaí caipitil agus árachas.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Sylvan: Tá Sylvan gníomhach den chuid is mó i bhforbairt agus táirgeadh sceithe (géineolaíocht iomadaithe) le haghaidh beacáin inite.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11703 – NOVO HOLDINGS / KKR / SYLVAN

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË